Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12909/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0072(COD)

CODEC 1276
AVIATION 122
CONSOM 178

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d’aer **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 13 Márta 2013, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 11 Iúil 2013[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 5 Feabhra 2014[3].

---

[1] 7615/13 + ADD 1-2.
[2] IO C 327, 12.11.2013, lch. 115.
[3] 5941/14.

5. An 5 Meitheamh 2025, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán thuasluaite[4].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 10015/25 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 10015/25 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin, an Spáinn, an Phortaingéil agus an tSlóivéin ag vótáil ina choinne agus an Eastóin agus an Ostair ag staonadh ó vótáil.

7. Leagtar amach na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] 9430/25 + ADD 1-3.